Liatroim

Anna Freely-Gleann Éada

‘Rinne mé smaoineamh in m’intinn’-Amhráin

Rinne mé smaoineamh in m’intinn
Agus lean mé dhó go cinnte
Go n-éalóinn ó mo mhuintir
Is go ngabhfainn chun Oileán Úir
Sé a bhfuil mé a iarraidh d’impí
Ar an Ard-Rí tá os mo chionn-sa
Mo shábháil ar gach dainséar
Go gcríochnaí mé mo shaol.

Shiúl mé fiche míle
Is ní fhacas teach ná daoine,
Capall, bó ná caora
A dhéanfadh innilt ar an bhféar
Ach coillte dlúite agus gleannta
Agus búireach beithígh allta,
Na fir is na mná gan tointe orthu
A chasfainn faoi mo mhéar

Chuaigh mé isteach i dteach ann
Agus bé sin teach na Críostaí
D’fhiafraigh fear an tí dhíom
Cárbh as é, an buachaill óg.
D’aithris mé dhó i mBéarla
Gur tógadh mise in Éire,
Thart fá bhruach an tsléibhe,
Agus mé ar bheagán bróin

Bhí sean-bhean in san gclúid ann
Agus í ag sníomh a tuirne
D’éirigh sí go luathmhar
Agus croith sí liomsa lámh
‘Céad fáilte roimh fhear do thíre
Seach a bhfacas beo de na daoine,
Ó is gur tógadh mise in Éire,
I dtosach ó mo shaol’

Ó Bhríosaigh go Gleann Éada
Is go barr na Craoibhe Leithne
Go Dartraidh chroí na féile
Is go Sléibhte Bheann na Bó
Nuair a dhearc mé ar gach taobh dhíom
Agus bhreathnaigh mé na daoine
Is trua gan mise in Éire
Agus mé cóirithe os cionn chláir
An áit a bhfaighinn mná mo chaointe
Aos óg a bheadh léaghach siamsúil
A dhéanfadh greann agus siamsa dhíom
Go n-eirí arís an lá